



Foirm Iarratais Fhorlíontach maidir le Cead Pleanála do Theaghais i gCeantar Tuaithe
MOLTAR d'IARRATASÓIRÍ PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2017 – 2023 – INA LEAGTAR AMACH BEARTAS CHOMHAIRLE
CONTAE FHINE GALL – A LÉAMH

DON OIFIG AMHÁIN

Uimh. Thagartha:

1. Sloinne (Sloinnthe) an Iarratasóra:

Tús-ainm(neacha) an Iarratasóra:

Sloinne Breithe an Iarratasóra (murab ionann agus an sloinne thuas):

Nóta: Is ionann an sloinne breithe agus an sloinne a thaispeántar ar do Dheimhniú Breithe

2. Suíomh na Teaghaise atá Beartaithe:

3. Fostaíocht faoi láthair:

An fad ama atá caite san fhostaíocht reatha:

Ainm agus Seoladh an Fhostóra:

4. An raibh an láithreán lena mbaineann an t-iarratas seo faoi réir **Comhaontaithe Steiriliúcháin** faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt de réir coinníollacha a leagadh síos faoi chead roimhe seo? (Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil)

Bhí

Ní raibh

Más é 'Bhí' an freagra, sonraigh le do thoil

Baineann na ceisteanna seo a leanas le húinéireacht aon chóiríochta cónaithe i bPoblacht na hÉireann.

5. An raibh **aon chóiríocht chónaitheach** ar úinéireacht agat **roimhe seo**? (Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil)

Bhí

Ní raibh

Más é 'Bhí' an freagra, sonraigh suíomh na cóiríochta agus an fad ama a chaith tú i do chónaí ansin (lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh an bhfuil an úinéireacht cláraithe faoin sloinne breithe, faoin ainm pósta, faoi ainm pósta roimhe seo etc):

6. An bhfuil úinéireacht agat faoi láthair ar **aon chóiríocht chónaitheach** aon áit sa stát, mar áititheoir nó mar infheisteoir? (Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil)

Tá

Níl

Más é 'Tá' an freagra, sonraigh suíomh na cóiríochta agus an fad ama a chaith tú i do chónaí ansin (lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh an bhfuil an úinéireacht cláraithe faoin sloinne breithe, faoin ainm pósta, faoi ainm pósta roimhe seo etc):

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

7. An ndearna tú iarratas ar chead pleanála roimhe seo (lena n-áirítear iarratais faoi ainm seachas an t-ainm atá ann san iarratas seo)? (i.e. sloinne breithe, ainm pósta, ainm pósta roimhe seo etc).

Rinne

Ní dhearna

Más é 'Rinne' an freagra, sonraigh le do thoil:

8. Léigh an méid seo a leanas go cúramach, le do thoil, agus léirigh an chatagóir lena mbaineann

d'iarratas: (Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil. Tabhair mionsonraí cuimsitheacha inghlactha a léiríonn go gcomhlíonann tú na ceanglais a bhaineann leis an gcatagóir a roghnaítear).

Ag gabháil go gníomhach d'fheirmeoireacht ar fheirm an teaghlaigh (Cuspóir RF38)

Duine de theaghlach tuaithe nach mór dó/di a bheith ina chónaí/cónaí gar d'áras an teaghlaigh de dheasca dlúthcheangal teaghlaigh (Cuspóir FR39 cuid (i))

Duine atá fostaithe ar bhonn fadtéarma i slí bheatha lánaimseartha a meastar ina leith go sásaíonn sí riachtanais áitiúla (Cuspóir RF39 cuid (ii))

Duine de theaghlach tuaithe a meastar maidir leis/léi gur gá dó/di a bheith ina chónaí/cónaí tadhlaigh le háras an teaghlaigh de dheasca riocht sláinte eisceachtúil an duine (Cuspóir RF38 (iii))

Iarratasóir "bona fide" a bhféadfadh sé gurb amhlaidh ina leith nach gcónaíonn sé/sí sa cheantar cheana féin, ná nach bhfuil aon dlúthchaidreamh teaghlaigh aige/aici ann, ná nach bhfuil sé/sí ag gabháil d'fhostaíocht áirithe nó do ghnó áirithe atá aicmithe de réir na gcritéar maidir le riachtanais áitiúla, agus ar duine é atá in ann tiomantas fadtéarma a thaispeáint i leith gnó a rannchuideoidh leis an bpobal tuaithe agus a fheabhsóidh an pobal tuaithe (Cuspóir RF39 cuid (iv)).

Eile
(Cuir tic sa bhosca seo, le do thoil, más rud é nach dtagann tú faoi réim aon cheann de na catagóirí thuas)

Má roghnaítear "Eile", tabhair tuairisc ghearr ar chatagóir a bheidh infheidhme maidir le d'iarratas.

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

9. Má éilfionn tú go bhfuil feirm theaghlaigh á rith agat go gníomhach sa cheantar (féach Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 Caibidil 8):

- a. Tabhair mionsonraí cuimsitheacha le do thoil, á thaispeáint go bhfuil tú ag gabháil d'fheirmeoireacht i bhFine Gall agus go gcomhlíonann tú ceanglais Chuspóir RF35, RF36, RF37 agus RF38 (lena n-áirítear léarscáil ar a dtaispeántar suíomh na feirme, aon teaghaisí atá ar an bhfeirm cheana féin, agus an teaghais atá beartaithe agus arb í is ábhar don iarratas pleanála reatha). Ní mór an fhianaise sin a chur san áireamh i mionnscribhinn mhionnaithe mar thacaíocht leis an méid atá á éileamh. _____

- b. Más rud é nach tusa úinéir na feirme, tabhair ainm úinéir na feirme mar aon leis an ngaolmhaireacht idir é/í agus an t-iarratasóir.

10. Má éilfionn tú go bhfuil dlúthchaidreamh teaghlaigh agat sa cheantar (is é atá i ndlúthchaidreamh teaghlaigh ná Mac, Iníon, Cliamhain, Banchliamhain):

- a. Luaigh an fad ama atá caite agat i do chónaí sa cheantar. Tabhair mionsonraí, i bhfoirm liosta, faoin tréimhse chónaithe atá á héileamh agus tabhair fianaise dhoiciméadach ina leith.

- b. Iarrtar ort suíomh áras an teaghlaigh inar chónaigh tú a thaispeáint ar léarscáil. Is ceart áras an teaghlaigh a bheith tadhlaigh leis an ionad cónaithe atá beartaithe agus is ceart bealach isteach comhroinnte a bheith ann. Murab amhlaidh an cás, is ceart fianaise chuimsitheach a chur ar fáil chun a thaispeáint cén fáth nach bhfuil an t-ionad cónaithe atá beartaithe tadhlaigh le háras an teaghlaigh. (Cuspóir RH19).

- c. An bhfuair tusa nó aon duine de do theaghlach cead pleanála riamh maidir le teaghais tuaithe i gContae Fhine Gall? (Cuir tic sa bhosca cúí, le do thoil)

Fuair

Ní bhfuair

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

Más é 'Fuair' an freagra,

- i. Luaigh, le do thoil, **cá mhéad teaghais ar leithligh** a bhfuil cead pleanála faighte maidir leo

- ii. Tabhair na huimhreacha tagartha le do thoil, is é sin, na huimhreacha tagartha a cláraíodh i leith na gceadanna **agus an dáta** ar deonaíodh an cead lena mbaineann.

- iii. Tabhair **ainmneacha na ndaoine dár deonaíodh na ceadanna pleanála**

- iv. Luaigh **an ghaolmhaireacht** idir na daoine sin agus an t-iarratasóir reatha

11. Má éilíonn tú go bhfuil tú fostaithe i slí bheatha atá riachtanach don phobal tuaithe agus/nó don gheilleagar tuaithe, taispeáin, le do thoil, cén fáth go bhfuil do shlí bheatha riachtanach don phobal tuaithe agus gur gá duit a bheith i do chónaí sa láithreán is ábhar don iarratas seachas i Sráidbhaile Tuaithe nó i mBraisle Tuaithe nó in áit eile. (tabhair **fianaise dhoiciméadach** inghlactha, le do thoil, faoin bhfostaíocht sin).

12. Tabhair **Liosta Uimhreacha Fóilió Chlárann na Talún**, le do thoil, i ndáil leis na Tailte **GO LÉIR** atá á lua mar thacaíocht leis an iarratas:

Uimhir (Uimhreacha) Fóilió

Nóta: is ceart d'iarratasóirí cóipeanna de na fóiliónna iomchuí, agus léarscáil ghaolmhar (léarscáileanna gaolmhara), a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas.

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

13. Tá an méid seo a leanas le mionnú agus le síniú i láthair Aturnae/Coimisinéara Mionnaí

Dearbhaím agus deimhním leis seo, de réir mar is fearr is eol dom, go bhfuil an fhianaise atá san iarratas seo, sna mionsonraí teagmhála ar leathanach 8, agus san ábhar atá ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais Fhorlíontach seo, ceart agus cruinn agus go bhfuil sí fíor agus iomlán.

Síniú an Iarratasóra (ní ceart síniú an ghníomhaire a bheith ann):

Dáta:

Os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí/Aturnae Cleachtach

Síniú:

_____ *Coimisinéir Mionnaí/Aturnae Cleachtach*

Tabhair ar aird: Molann an Chomhairle d'Iarratasóirí gan aon fhaisnéis iomarcach phearsanta a chur leis an bhfianaise a chuireann siad ar aghaidh.

Fógra Tábhachtach: Féadfaidh an Chomhairle bailíochtú neamhspleách a dhéanamh maidir le haon ráitis agus maidir le haon fhaisnéis atá ann san fhoirm iarratais fhorlíontach seo.

NÓTAÍ:

- Má bheartaíonn tú úsáid a bhaint as umar múnlaigh, ní mór duit **dul i dteagmháil leis an bPríomhoifig Sláinte Comhshaoil** (Teileafón: 890 6280) agus déanfaidh seisean/sise measúnacht i dtaobh an bhfuil an láithreán oiriúnach do dhraenáil umair múnlaigh.
- Má bheartaíonn tú úsáid a bhaint as **córas draenála dílseánaigh**, is ceart mionsonraí iomlána a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas, lena n-áirítear torthaí tástála atá deimhnithe ag duine inniúil ó thaobh oiriúnach an láithreáin i ndáil leis an modh cóireála atá beartaithe.
- I gceantair thuaithe an chontae, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort **foinse uisce inólta a chur ar fáil don Soláthar Uisce** ar an láithreán.
- Cé go bhféadfadh sé go gcomhlíonann d'iarratas an Straitéis maidir le Lonnaíocht Tuaithe, más rud é nach soláthraítear an fhaisnéis seo in éineacht leis an iarratas
- **pleanála iarrfar FAISNÉIS BHREISE rud a chuirfidh fad leis an bhfad ama a bheidh ag teastáil chun an t-iarratas a phróiseáil.**

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA

1 Ainm an Iarratasóra: _____

Seoladh Reatha an
Iarratasóra:

An fad ama a bhfuil cónaí ar an iarratasóir ag an seoladh seo _____

Seoladh roimhe seo _____
(más ann):

An fad ama a bhfuil cónaí ar an iarratasóir ag an seoladh seo: _____

Teil: _____ Facs: _____ Ríomhphost: _____

2 Ainm an Ghníomhaire: _____

Seoladh an Ghníomhaire: _____

Teil: _____ Facs: _____ Ríomhphost: _____

3 Ainm & Seoladh i gcomhair Comhfhreagrais: _____

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Déantar gach iarratas pleanála agus gach doiciméad a thíolactar chun tacú leis a iarratas a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.